Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2022
(OR. en)**

**13289/22**

**CES 28**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Beilge, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<br>- Glacadh |

1. I litir dar dáta an 1 Lúnasa 2022, chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) in iúl don Chomhairle go raibh Dominique MICHEL, comhalta de CESE[1], tar éis éirí as oifig.

2. Le litir dar dáta an 3 Deireadh Fómhair 2022, mhol Rialtas na Beilge Olivier JORIS, *Executive Manager du Centre de compétence Europe et de la Fédération des Entreprises de Belgique (FEB)* (Bainisteoir Feidhmiúcháin, an Roinn Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta, Cónaidhm na bhFiontar sa Bheilg), lena cheapadh mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025[2].

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, ceapann an Chomhairle comhaltaí an Choiste tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

---

1 12062/22.
2 13235/22.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 19 Deireadh Fómhair 2022 agus thug sé tuairim fhabhrach uaidh an 6 Nollaig 2022[3].

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 13291/22 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] C(2022) 8784.